



An Roinn Oideachais
Department of Education

2021 Clár Samhraidh do gach Bunscoil



Tionchar COVID-19 ar oideachas daltaí le riachtanais choimpléascacha agus daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.

Admhaíonn an Roinn Oideachais go ndearna múinteoirí agus príomhoidí ar fud an chórais scoile iarrachtaí ollmhóra agus go ndearna siad obair ollmhór le 14 mhí anuas d'fhonn a gcur chuige teagaisc a oiriúnú chun an t-aistriú chuig cianteagasc agus foghlaim a éascú. Cé go ndearnadh obair shuntasach ar leibhéal na scoile chun gach dalta a spreagadh le dul i mbun foghlama, ní raibh gach dalta rannpháirteach ann. Is dúshlán faoi leith í an chianfhoghlaim do go leor daltaí a bhfuil riachtanais choimpléascacha oideachais acu agus dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Is beag an deis a bhíonn ag go leor de na daltaí sin agus ag a dteaghligh le dul i mbun foghlama i dtimpeallacht chianteagaisc. Tá an baol ann go mbeidh sé dúshlánach do roinnt daltaí aistriú go rathúil go rang níos sinsearaí nó a bheith rannpháirteach i gcúrsaí scoile arís i mí Mheán Fómhair 2021.

Clár Samhraidh Leathnaithe 2021

D'fhógair an Rialtas le déanaí go gcuirfí clár leathnaithe oideachais samhraidh ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais choimpléascacha acu agus dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, mar bheart freagartha ar an bpaindéim COVID-19, le linn an tsamhraidh 2021.

Is é is aidhm leis an gclár tacú le daltaí a bheith rannpháirteach in athuir i gcúrsaí oideachais, chun a muinín a thógáil agus a spreagadh a mhéadú, folláine a chur chun cinn agus do roinnt daltaí atá ag príomhchéimeanna aistrithe, cabhrú lena chinntiú gur féidir leo dul ar aghaidh chuig a socrúchán oideachais beartaithe i mí Mheán Fómhair seo chugainn in éineacht lena gcomhdhaltaí.

Thabharfadh clár scoilbhunaithe eispéireas níos iomlánaíoch do dhaltaí agus chuideodh sé leis an nasc leis an scoil agus lena gcomhdhaltaí a choinneáil ag dul. Mar sin tá an Roinn ag iarraidh níos mó bunscoileanna a bheith rannpháirteach trí dheis a thabhairt do gach bunscoil cláir samhraidh a sholáthar i mbliana.

Bearta chun scoileanna a spreagadh leis an gclár a thairiscint

Tá bearta feabhsaithe curtha i bhfeidhm chun scoileanna a spreagadh leis an gclár a thairiscint, lena n-áirítear bearta chun an t-ualach riaracháin a laghdú, maoiniú a sholáthar do scoileanna i dtreo na gclár a ullmhú agus a mhaoirsiú, foireann na scoile a íoc níos luaithe agus soláthar chun múinteoirí nua-cháilithe an samhradh seo a earcú le bheith ag obair ar an gclár.

Clár Samhraidh do gach Bunscoil

I mbliana tá an deis ag gach bunscoil clár samhraidh nua 2-3 seachtaine a sholáthar do dhaltáí príomhshrutha a bhfuil riachtanais choimpléascacha acu agus dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.

Ina theannta sin, tá an Roinn ag leathnú na gclár a bhí ar siúl anuraidh i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta agus i scoileanna DEIS. Ciallaíonn sé sin go bhfuil trí chlár ar fáil ag leibhéal na Bunscoile:

1. Clár nua um Riachtanais Choimpléascacha Bunscoile/Clár Ionchuimsithe do dhaltáí i ranganna príomhshrutha.
2. Clár samhraidh leathnaithe do dhaltáí i ranganna speisialta bunscoile agus i scoileanna speisialta.
3. Clár samhraidh/campaí samhraidh leathnaithe litearthachta agus uimhearthachta do dhaltáí i scoileanna DEIS a fhéadfar a eagrú trí mheán an Bhéarla nó trí mheán na Gaeilge.

Na 3 Chlár ag Leibhéal na Bunscoile

Is iad seo a leanas na trí chlár atá ar fáil ag Leibhéal na Bunscoile don bhliain 2021:

1. Clár Bunscoile NUA do dhaltáí a bhfuil Riachtanais Oideachais Choimpléascacha acu agus do dhaltáí atá i mbaol Míbhuntáiste Oideachais.

- Clár Samhraidh 2 nó 3 Seachtaine do leanaí le Riachtanais Choimpléascacha agus faoi mhíbhuntáiste oideachais
- Grúpaí daltaí de suas le 12 leanbh le tacaíocht ó 1 mhúinteoir agus 1 CRS ➤ Tá líon na ngrúpaí bunaithe ar rollú.
- Na chéad áiteanna le tabhairt do leanaí le riachtanais choimpléascacha
- Táthar ag súil go mbeidh 50% ar a laghad d'áiteanna fágtha ag scoileanna tar éis dóibh áiteanna a shannadh do dhaltáí a bhfuil riachtanais choimpléascacha acu. Ba chóir an fuilleach a shannadh do na daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.
- Má shanntar níos mó ná 50% de na háiteanna do dhaltáí a bhfuil riachtanais choimpléascacha acu is féidir leis an scoil iarratas a dhéanamh don Roinn chun grúpa breise a bhunú.
- Tá treoir ar fáil chun cabhrú le scoileanna daltaí a roghnú le haghaidh rannpháirtíochta sa chlár.

Leithdháiltí foirne

Tá leithdháiltí foirne bunaithe ar rollú. Is féidir le scoileanna grúpaí daltaí clár samhraidh de 12 dalta a bhunú le tacaíocht ó 1 mhúinteoir agus 1 CRS.

Rollú	Múinteoirí	CRSanna	Líon na nGrúpaí Daltaí
Faoi 300	1	1	1
300 - 599	2	2	2
600-899	3	3	3
900	4	4	4

Catagóirí daltaí a bhfuil Riachtanais Choimpléascacha acu

Meastar gur daltaí le riachtanais choimpléascacha iad na catagóirí a leanas de dhaltáí i ranganna príomhshrutha:

- Daltaí i ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna atá ag teacht ar an leibhéal is airde den chontanam tacaíochta (Tacaíocht Dalta Plus/do roinnt daltaí). Cuimsítear leis sin daltaí le hUathachas, Siondróm Down, lagú céadfach, agus míchumais eile a sainaitníodh don chlár forlíontach níos luaithe i mbliana.
- Tá leanaí sna catagóirí thuas a théann isteach sa bhunscoil i mí Mheán Fómhair seo chugainn incháilithe don chlár freisin.

Seo a leanas treoir chun cabhrú le scoileanna daltaí a roghnú do na háiteanna atá fágtha tar éis an leithdháilte ar dhaltáí a bhfuil riachtanais choimpléascacha acu:

- Daltaí arna sainaitint ag an scoil cheana féin mar na daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus luathfhágála scoile.
- Daltaí nach raibh rochtain nó páirt iomlán acu i bhfoghlaim ar líne le linn dhúnadh na scoileanna in 2020 agus i 2021.
- Daltaí a fhaigheann rochtain ar thacaíochtaí scoile maidir le múinteoir riachtanas speisialta nó riachtanais speisialta oideachais le linn na scoilbhliana
- Daltaí nach gcabhraíonn a gcúinsí baile nó a dtimpeallacht bhaile le foghlaim ar líne.
- Daltaí a chaill tréimhsí suntasacha scoile nó a sainaitníodh mar dhaltáí le drochthinreamh
- Daltaí ó phobail an Lucht Siúil agus na Romach.

- Daltaí a bhfuil an Béarla mar Theanga Breise acu a chaill amach ar theagmháil leis an mBéarla le linn dhúnadh na scoileanna.

Níl na critéir thuas saintreorach ach tá siad beartaithe le bheith mar threoir amháin. **Níl sna catagóirí sin ach treoir.** Chun cabhrú le daltaí a shainaithint ar cheart cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sa chlár, féach ar an [Doiciméad treorach](#).

Is sna scoileanna is fearr, agus an uathriail acu, a chinneadh cé na daltaí is dóichí a bheidh i mbaol míbhuntáiste oideachais. Agus is iad is fearr chun cinneadh a dhéanamh faoin mbealach is fearr chun an clár sin a reáchtáil d'fhonn freastal ar riachtanais a gcohort daltaí.

Beidh soláthar sa bhaile ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais choimpléascacha acu nuair nach bhfuil aon chlár scoilbhunaithe ar fáil. Eiseofar foirmeacha iarratais chuig an scoil sa tseachtain dar tosach an 31 Bealtaine, 2021.

Is féidir le daltaí a bhfuil riachtanais choimpléascacha acu agus atá i mbaol mór má tholgann siad COVID-19 nár fhíll ar scoil i mbliana rochtain a fháil ar an scéim sa bhaile go cianda, más gá.

2 . Rang Speisialta Leathnaithe agus Clár do Scoileanna Speisialta

- Ar fáil do gach scoil speisialta agus do gach rang speisialta
- Clár Samhraidh 2-5 seachtaine RSO do dhaltaí atá cláraithe i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta
- Tá na hacmhainní foirne (múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta) mar an gcéanna leis na hacmhainní a cuireadh ar fáil i rith na scoilbhliana.

Má tá líon na n-áiteanna atá ar fáil i gclár samhraidh speisialta scoile níos lú ná líon na ndaltaí atá cláraithe i scoil, ba chóir do scoileanna díriú ar dhaltaí a bhfuil sé deacair orthu rochtain a fháil ar an gclár baile.

Beidh daltaí nach féidir a éascú laistigh de chlár an ranga speisialta nó na scoile speisialta i dteideal iarratas a dhéanamh ar an gclár baile. Eiseofar foirmeacha iarratais chuig an scoil sa tseachtain dar tosach an 31 Bealtaine, 2021.

3 . Clárampa samhraidh leathnaithe litearthachta agus uimhearthachta

- Ar fáil do gach Bunscoil DEIS
- Is féidir le scoileanna a roghnú suas le 2 champa litearthachta agus uimhearthachta/Campaí Samhraidh a mhaireann seachtain amháin an ceann a reáchtáil

- Suas le 36 dalta in aghaidh na seachtaine gach seachtain ➤ Campaí le tacaíocht ó 1 mhúinteoir do gach 12 dalta

Tá saoirse ag scoileanna díriú ar an gcóhórt daltaí a mheasann siad a bhainfidh leas as an eispéireas, agus aird chuí á tabhairt ar thábhacht na luath-idirghabhála agus ar riachtanais aonair na ndaltaí. Féadfaidh scoileanna áiteanna a leithdháileadh ar aon raon aoise, lena n-áirítear an 6^ú rang.

Cinnfidh gach scoil leagan amach an Champa Samhraidh, ar aon dul leis an gCreat atá leagtha amach i [Lámhleabhar an Champa](#), bunaithe ar riachtanais a ndaltaí. Maoínítear an clár chun díriú ar mhíbhuntáiste oideachais agus sóisialta. Féachann sé le cúnamh a thabhairt do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí sóisialta nó acadúla acu i dteanga agus uimhearthacht a bhainfeadh leas as Campa Samhraidh seachtaine le cóimheas an-bheag múinteoirí-daltaí.

Beidh cóimheas 1:12 ag an gcuid is mó de na campaí le 36 dalta san iomlán. Féadfaidh scoileanna iarratas a dhéanamh, áfach, chun Campa Samhraidh a reáchtáil ar a mbeidh 2 mhúinteoirí agus 24 daltaí (cóimheas 1:12 á coinneáil).

Caithfidh múinteoirí cláraithe campaí litearthachta agus uimhearthachta Bunscoileanna/ Campaí Samhraidh DEIS a theagasc.

Léiriú Spéise ar Líne

Tá léiriú spéise ar líne do scoileanna do chlár an tsamhraidh ar fáil anseo:

<https://dessurveys.education.gov.ie/surveys/Summer-Programme-Primary>

Iarrtar ar scoileanna an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur isteach ag léiriú rannpháirtíochta **ar nó roimh De hAoine 25 Meitheamh 2021**.

Is féidir teacht ar an bhfaisnéis agus ar na hacmhainní ábhartha uile ar chlár samhraidh ag an nasc seo: <https://www.gov.ie/summerprovision> **Eolas faoi na Bail Foirne**

Maoirseoir an Chláir

Caithfidh gach scoil Maoirseoir amháin a cheapadh do chlár an tsamhraidh. Caithfidh múinteoir buan sa scoil rannpháirteach an ról Maoirseachta a dhéanamh. Is é ról an Mhaoirseora é clár an tsamhraidh a bhainistiú/a mhaoirsiú agus caithfidh sé/sí a bheith i láthair sa scoil ar feadh ré iomlán an chláir d'fhonn déileáil le haon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Ní cheadaítear don Mhaoirseoir páirt a ghlacadh sa chlár i ról teagaisc.

Níl ról an Mhaoirseora teoranta do na dualgais a leanas ach beidh na dualgais seo a leanas air:

- Pointe teagmhála na Roinne agus/nó an Ionaid Oideachais agus tuismitheoirí maidir leis an gclár samhraidh
- A bhunú agus a chinntiú go bhfeidhmíonn a gclár laistigh de na leithdháiltí ceadaithe agus iomchuí atá ann cheana do na daltaí rannpháirteacha
- A bheith ar fáil sa scoil ar feadh thréimhse iomlán an chláir agus chun déileáil le haon cheisteanna ó lá go lá de réir mar a thagann siad chun cinn
- A chinntiú go gcloíonn daltaí agus foireann an chláir samhraidh le treoir agus comhairle reatha sláinte phoiblí COVID-19
- Nuair atá siad ar fáil, a chinntiú go gcuirtear béilí scoile ar fáil do dhaltaí atá cláraithe i gclár an tsamhraidh
- Déileáil le haon saincheisteanna a bhaineann le seirbhísí iompair
- Na tuairisceáin chuí a thabhairt don Roinn maidir le luach saothair múinteoirí, Maoirseora agus CRS
- Éileamh a chur faoi bhráid na Roinne nó an Ionaid Oideachais ar chaipitíocht agus aon chostais iompair
- Cinntiú sé nó go ndéantar aon ábhar meastóireachta ar chláir samhraidh a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an Roinn, lena n-áirítear aon cheistneoirí meastóireachta ar líne

Uaireanta ullmhúcháin

Leithdháilfear uaireanta ullmhúcháin ag 10 n-uaire in aghaidh an chláir in aghaidh na seachtaine do gach seachtain den chlár.

Tabharfar uaireanta ullmhúcháin do scoileanna a thairgeann níos mó ná clár amháin i leith gach cláir.

Is féidir le haon mhúinteoir buan/mhúinteoirí buana atá fostaithe ag an scoil uaireanta ullmhúcháin a dhéanamh lena n-áirítear an múinteoir a cheaptar don ról Maoirseachta. (NÓTA: Is féidir na huaireanta ullmhúcháin iomlána a leithdháileadh ar níos mó ná múinteoir amháin). Samhlaítear go n-úsáidfear an chuid is mó de na huaireanta ullmhúcháin roimh thosach an chláir samhraidh.

Is féidir uaireanta ullmhúcháin a úsáid le haghaidh cuid de na gníomhaíochtaí seo a leanas nó do gach ceann díobh:

- Foireann a earcú chun obair a dhéanamh ar an gclár samhraidh bunscoile
- Sa chás go bhfuil baill foirne sheachtracha á n-úsáid, nósanna imeachta a chruthú chun aistriú faisnéise ábhartha faoi na daltaí, chun doiciméadacht a

phleanáil go hiomchuí agus chun sonraí faoi bheartais agus nósanna imeachta scoile a éascú do bhaill foirne nua nó do bhaill foirne nach bhfuil cur amach acu ar na daltaí

- Spriocdhaltáí a shainaithint le clárú ar chlár an tsamhraidh agus é sin a chur in iúl dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí
- Múinteoirí/CRSanna a chur ar an eolas faoi ábhair threorach agus acmhainní a sholáthraíonn an Roinn
- Tráthchlár a dhéanamh amach do chlár an tsamhraidh
- Socruithe iompair a dhéanamh, nuair is gá
- Socruithe oiriúnacha a chur i bhfeidhm maidir le béilí scoile a sholáthar, nuair is gá

Íocaíochtaí le Maoirseoirí, baill foirne teagaisc agus CRSanna

Íocfar luach saothair breise le maoirseoirí, múinteoirí agus CRSanna a oibríonn ar an gclár bunaithe ar an méid a íoctar leo de ghnáth i rith na scoilbhliana, i.e. a ráta pearsanta.

Íocfar uaireanta ullmhúcháin ar an mbealach céanna.

Próiseálfaidh an Roinn íocaíochtaí le múinteoirí agus CRSanna de réir mar a fhaightear foirmeacha éilimh íocaíochta comhlánaithe sa Roinn thar thréimhse an tsamhraidh, agus ar an gcaoi sin laghdófar frámaí ama íocaíochta na mblianta roimhe seo.

Rátaí Ionadaíochta pá don mhúinteoir agus don CRS

Íocfar luach saothair breise le Múinteoirí ar Conradh agus le CRSanna bunaithe ar an méid a íoctar leo de ghnáth i rith na scoilbhliana i.e. a ráta pearsanta. Íocfar ráta pá laethúil/in aghaidh na huair le gach duine eile.

Earcaíocht Foirne Seachtraí

Cé is moite den ról Maoirseachta a chaithfidh múinteoir/múinteoirí buana a dhéanamh sa scoil rannpháirteach, is féidir le scoileanna múinteoirí agus/nó CRSanna a fhostú ón taobh amuigh dá scoil mura mbíonn an fhoireann a bhíonn fostaithe ag an scoil de ghnáth ar fáil d'aon chuid/do gach cuid de chlár an tsamhraidh.

Cuirfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus Líonra Phríomhoidí Bhunscoileanna na hÉireann (IPPN) na clár samhraidh chun cinn i measc mhúinteoirí iarchéime na bliana seo agus i measc dhaltáí na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas (MGO) i mbliana chun soláthar na múinteoirí atá ar fáil a mhéadú an samhradh seo.

D'fhonn cabhrú le múinteoirí agus CRSanna folúntais clár samhraidh a shainaithint i scoileanna, chruthaigh Líonra Phríomhoidí Bhunscoileanna na hÉireann Clár Fógraí um

Sholáthar Samhraidh do mhúinteoirí agus CRSanna. Is féidir leat breathnú ar an gclár fógraí sin ar www.educationposts.ie Cabhróidh sé le scoileanna baill foirne ábhartha a aimsiú ina gceantar áitiúil.

Caithfidh scoileanna cloí le gnáthnósanna imeachta earcaíochta agus grinnfhiosrúcháin i bhfostaíocht na foirne go léir.

Earcú múinteoirí iarchéime agus Máistrí Gairmiúla le hOideachas

Féadfaidh múinteoirí iarchéime obair a dhéanamh ar an gclár samhraidh sa chás a bhfuil tús curtha acu lena bpróiseas clárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

1. Fuair siad a dtorthaí deiridh óna nInstitiúid Ardoideachais (IAD) lena ndeimhnítear go bhfuil siad incháilithe le clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta
2. Tá grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána tugtha chun críche mar chuid dá niarratas ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
3. Tabharfar a gclárúcháin leis an gComhairle chun críche roimh an 8 Deireadh Fómhair 2021

Is féidir le bunscoileanna nó iar-bhunscoileanna ábhair mhúinteoirí ar an gcúrsa um Máistir Gairmiúil san Oideachas atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhreisoideachas a fhostú.

Is féidir le bunscoileanna nó iar-bhunscoileanna ábhair mhúinteoirí faoi oiliúint na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas a rinne iarratas ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhreisoideachas a fhostú ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

1. Tá grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána tugtha chun críche mar chuid dá niarratas ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
2. Tabharfar a gclárú leis an gComhairle faoi Bhreisoideachas chun críche roimh an 8 Deireadh Fómhair 2021

Íocfar ábhair mhúinteoirí faoi oiliúint na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas atá leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi bhealach an Bhreisoideachais ag an ráta modhnaithe as obair ar chlár an tsamhraidh.

Íocfar ábhair mhúinteoirí iarchéime agus ábhair mhúinteoirí na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas ar an mbealach céanna le baill foirne ionaid (féach thuas).

Maoiniú curtha ar fáil

Caipitíocht

Íocfar deontas neamhphá de €30 in aghaidh an dalta in aghaidh na seachtaine leis na scoileanna rannpháirteacha go léir. Rachaidh an Roinn i dteagmháil le scoileanna maidir leis sin.

Béilí Scoile

Iarradh ar an Roinn Cosanta Sóisialta smaoineamh ar mhaoiniú ón gClár Béilí Scoile a chur ar fáil ionas gur féidir béilí (bricfeasta agus lón) a sholáthar do dhaltaí atá ag freastal i ngach scoil, idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, ar feadh na gclár samhraidh in 2021. Tá an cheist á breithniú faoi láthair ag an Roinn Cosanta Sóisialta. Má cheadaítear é, is é €10 an ráta is infheidhme in aghaidh an dalta in aghaidh na seachtaine.

Nuair a sholáthraítear an soiléiriú, rachaidh an Roinn Oideachais i dteagmháil le gach bunscoil ina gceadaítear clár samhraidh a réachtáil agus tabharfaidh sí comhairle dóibh faoin seasamh i ndáil le maoiniú béilí scoile.

Iompar

- **Scéim Iompair Scoile le haghaidh Riachtanas Oideachais Speisialta (RSO)**
D'fhéadfadh go mbeadh seirbhísí Scéim Iompair RSO ar fáil do dhaltaí le riachtanais choimpléascacha a bhaineann leas as an scéim Iompair RSO go hiondúil. I gcás nach bhfuil an t-iompar ar fáil, cuirfear maoiniú deontais ar fáil do thuismitheoirí i bhfoirm an Deontais Iompair Speisialta (DIS). Íocann an Roinn an deontas sin leis an thuismitheoir tar éis an clár a bheith curtha i gcrích.
- **Iompar Scoile Príomhshrutha**
Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach n-oibreoidh Scéim Iompair do Bhunscoileanna de chuid na Roinne ar feadh na gclár samhraidh in 2021. Nuair a dhéantar iompar chuig agus ó **chlár samhraidh bunscoile** a shainaithe mar bhac ar dhaltaí áirithe freastal ar an gclár, féadfaidh scoileanna a gcuid socrúithe iompair áitiúla féin a dhéanamh agus na costais bhainteacha a éileamh ón Roinn suas go huasmhéid €1,750 sa tseachtain.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nár chóir iompar a shocrú ach do na daltaí sin atá ag baint leasa as iompar scoile cheana féin faoi Scéim Iompair do Bhunscoileanna de chuid na Roinne.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith in éineacht le gach éileamh i leith costas iompair:

- na hadmhálacha iomchuí e.g. admhálacha ón gcuideachta bus príobháideach, admhálacha tacsáí.
- ainmneacha na ndaltaí ar soláthraíodh iompar dóibh chuig agus ó chlár an tsamhraidh agus
- deimhniú go bhfuil siad ag baint leasa as an scéim iompair do bhunscoileanna faoi láthair.

Beidh Ionaid Oideachais Iarthar Bhaile Átha Cliath/na hUaimhe ag óstáil seisiúin oiliúna chun Clár/Campaí Samhraidh na Litearthachta agus na hUimhearthachta a sheachadadh do bhunscoileanna DEIS ag deireadh mhí an Mheithimh. Eiseofar tuilleadh sonraí do na scoileanna rannpháirteacha go léir.

Treoirínte Sláinte Poiblí

Ceanglaítear ar scoileanna cláir samhraidh a oibriú de réir aon chomhairle agus treoirínte reatha maidir le sláinte phoiblí.

Achomhairc maidir le leithdháileadh acmhainní

Más mian le scoil achomharc a dhéanamh ar aon ghné den leithdháileadh acmhainní a deonaíodh dá scoil, féadfar é sin a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh le schoolsummerprogramme@education.gov.ie agus bunús an achomhairc a leagan amach sa ríomhphost.

Ní mór achomhairc a chur isteach tráth nach déanaí ná 5pm **Céadaoin, 30 Meitheamh.**

Fad agus uainiú an chláir samhraidh i mbunscoileanna

Ligtear le clár campa samhraidh campa na litearthachta agus na huimhearthachta de chuid DEIS do scoileanna suas le 2 champa litearthachta agus uimhearthachta/Champa Samhraidh a roghnú lena reáchtáil, a mhaireann seachtain amháin an ceann.

Nó mór gach clár eile a reáchtáil ar feadh dhá sheachtain ar a laghad.

Ní féidir an Clár a sholáthar Dé Sathairn nó Dé Domhnaigh nó ar lá saoire bainc.

Féadfar gach clár a reáchtáil ag am ar bith le linn laethanta saoire an tsamhraidh in 2021.

Fad an lá scoile

Tá fad an lá scoile don Chlár um Riachtanais Choimpléascacha/lonchuimsithe agus don Chlár Ranganna Speisialta ailínithe leis an ngnáthlá scoile mar a leagtar amach i gCiorclán 11/95. Is féidir teacht ar an gCiorclán sin ag www.education.ie. Ba chóir go mbeadh fad an lá scoile comhsheasmhach le forálacha an Chiorcláin thuas agus le

próifíl aoise na rannpháirtithe mura luaitear a mhalairt. Tá tuilleadh sonraí maidir leampaí litearthachta agus uimhearthachta DEIS ar fáil i lámhleabhar clár do scoileanna.

Cuirfear gníomhaíochtaí ar fáil do Champaí Litearthachta agus Uimhearthachta DEIS ar feadh 22.5 uair i rith na seachtaine

- Ní bheidh am tosaithe aon champa níos déanaí ná 10 a chlog
- Caithfear ceithre huair an chloig de theagasc a sholáthar gach lá
- Chomh maith leis an teagasc cheithre huair an chloig, cuirtear 30 nóiméad ar leataobh gach lá le haghaidh tréimhse lóin/sosa faoi mhaoirseacht iomlán

An Ghaeilge

Tá sé tábhachtach gurb í an Ghaeilge an t-aon teanga cumarsáide ar na cláir trí mheán na Gaeilge

Tuilleadh Eolais agus Ceisteanna

Acmhainní Oiliúna agus Faisnéise faoin gClár Samhraidh

Is féidir teach tar gach faisnéis agus ar na hacmhainní oiliúna ábhartha go léir do chlár an tsamhraidh ag an nasc seo: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/solathar-an-tsamhraidh/>

Is féidir gach ceist eile a chur chuig schoolsummerprogramme@education.gov.ie